CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/621 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Aibreán 2022

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le meascthóirí trucaile, craenacha agus innealra eile arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le Caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

Ag féachaint do Threoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE ([2]), agus go háirithe Airteagal 7(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2006/42/CE, innealra a monaraíodh i gcomhréir le caighdeán comhchuibhithe, caighdeán ar foilsíodh an tagairt dó in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glacfar leis go gcomhlíonann sé na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta a chumhdaítear faoin gcaighdeán comhchuibhithe sin.

(2) Le litir M/396 an 19 Nollaig 2006, rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) ("an Iarraidh") go ndéanfaí caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú agus a athbhreithniú chun tacú le Treoir 2006/42/CE, agus go gcuirfí an obair ar na caighdeáin sin i gcrích, ionas go gcuirfí athruithe san áireamh a tugadh isteach leis an Treoir sin i gcomparáid le Treoir 98/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(3) Ar bhonn na hiarrata, dhréachtaigh CEN na caighdeáin chomhchuibhithe nua seo a leanas — EN 13852-3:2021 i ndáil le craenacha éadroma amach ón gcósta, EN 12385-5:2021 i ndáil le rópaí dualacha le haghaidh ardaitheoirí, agus EN 12609:2021 i ndáil le ceanglais sábháilteachta maidir le meascthóirí trucaile.

(4) Ar bhonn na hiarrata sin, d'athbhreithnigh CEN agus Cenelec na caighdeáin chomhchuibhithe a bhí ann cheana freisin, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le Teachtaireacht 2018/C 092/01 ón gCoimisiún ([4]), chun iad a oiriúnú don dul chun cinn sa teicneolaíocht. Is é an toradh a bhí air sin gur glacadh na caighdeáin chomhchuibhithe nua seo a leanas: EN 12312-5:2021 i ndáil le trealamh breoslaithe aerárthaí; EN 13001-2:2021 i ndáil le sábháilteacht craenach; EN 1501-1:2021 i ndáil le feithiclí bailithe dramhaíola a luchtaítear ón gcúl; EN 1501-2:2021 i ndáil le feithiclí bailithe dramhaíola a luchtaítear ón taobh; EN 1501-3:2021 i ndáil le feithiclí bailithe dramhaíola a luchtaítear ón tosach; EN 1501-5:2021 i ndáil le gairis ardaithe le haghaidh feithiclí bailithe dramhaíola; EN 1829-1:2021 i ndáil le meaisíní uiscescairde ardbhrú; EN ISO 22868:2021 i ndáil leis an modh innealtóireachta chun torann a thástáil ar mheaisíní iniompartha láimhe ina bhfuil

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12.
([2]) IO L 157, 9.6.2006, lch. 24.
([3]) Treoir 98/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hinnealra (IO L 207, 23.7.1998, lch. 1).
([4]) Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Threoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (Foilsiú theidil na gcaighdeán comhchuibhithe agus foilsiú na dtagairtí do na caighdeáin sin faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais) (IO C 92, 9.3.2018, lch. 1).

inneall dócháin inmheánaigh; EN 303-5:2021 i ndáil le coirí téite le haghaidh breoslaí soladacha; EN ISO 11202:2010/A1:2021 i ndáil le leibhéil fuaimbhrú astaíochtaí a chinneadh ag stáisiún oibre agus ag suíomhanna sonraithe eile; EN ISO 19085-1:2021 i ndáil le ceanglais choiteanna le haghaidh meaisíní adhmadóireachta; EN ISO 1756-1:2021 i ndáil le ceanglais sábháilteachta maidir le hardaitheoirí cúil; agus EN IEC 62061:2021 i ndáil le sábháilteacht fheidhmiúil maidir le córais rialúcháin a bhaineann le sábháilteacht.

(5) Ina theannta sin, leasaigh CEN agus Cenelec caighdeáin chomhchuibhithe EN 13001-3-6:2018, EN 50636-2-107:2015/A1:2018 agus EN 60335-1:2012/A13:2017, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 ón gCoimisiún ([5]).

(6) Na caighdeáin a rinne CEN agus Cenelec a dhréachtú, a athbhreithniú agus a leasú, rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN agus Cenelec féachaint an gcomhlíonann na caighdeáin sin an iarraidh.

(7) Na caighdeáin chomhchuibhithe a rinne CEN agus Cenelec a dhréachtú, a athbhreithniú agus a leasú, sásaíonn siad na ceanglais sábháilteachta is aidhm dóibh a chumhdach, ceanglais a leagtar amach i dTreoir 2006/42/CE. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, i dteannta leis na tagairtí d'aon chaighdeán ábhartha lena leasaítear nó lena gceartaítear iad.

(8) Foilsíodh tagairt don chaighdeán comhchuibhithe EN 474-1:2006+A6:2019 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, maille le srian a rinneadh le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1813 ón gCoimisiún ([6]). Tháinig sé in ionad na tagartha do chaighdeán comhchuibhithe EN 474-1:2006+A5:2018 gan foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse. Ionas go mbeidh a ndóthain ama ag monaróirí ullmhú le haghaidh chur i bhfeidhm an chaighdeáin nua, is iomchuí an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN 474-1:2006+A5:2018 a athfhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar feadh tréimhse theoranta ama. Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart an tréimhse roimh theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo a chumhdach le foilsiú na tagartha do chaighdeán comhchuibhithe EN 474-1:2006 +A5:2018.

(9) Níl téacs an tsriain ar chaighdeán comhchuibhithe EN 474-1:2006+A6:2019 a tugadh isteach le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1813 soiléir, ós rud é go ndéantar dhá easnamh ar leith a mheascadh ann, ar easnaimh iad a sainaithníodh leis an gcaighdeán comhchuibhithe.

(10) Baineann an chéad easnamh leis an leibhéal neamhdhóthanach infheictheachta arna shainaithint le EN 474-1:2006 +A6:2019 nuair a chuirtear i bhfeidhm é in éineacht le ceanglais EN 474-5:2006+A3:2013 le haghaidh tochaltóirí hiodrálacha. Ní áirithítear le caighdeán comhchuibhithe EN 474-1:2006+A6:2019, mar an gcéanna leis an gcaighdeán comhchuibhithe EN 474-1:2006+A5:2018, gur acmhainn don tiománaí an t-innealra agus na huirlisí a ghabhann leis a oibriú sna dálaí ina meastar go n-úsáidfear iad, ar bhealach a bheidh go hiomlán sábháilte don tiománaí agus do dhaoine neamhchosanta. Dá bhrí sin, ba cheart an srian dá bhforáiltear i gcaighdeán comhchuibhithe EN 474-1:2006+A5:2018 maidir le ceanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta 1.2.2 agus 3.2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE a choimeád le haghaidh caighdeán comhchuibhithe EN 474-1:2006+A6:2019.

(11) Baineann an dara heasnamh leis an bhfíric nach n-áirítear leis an meicníocht um chúpláil thapa a úsáidtear chun tochaltóirí hiodrálacha agus lódairí cúil ghrafóige a cheangal le hinnealra crécharta, córas rabhaidh gníomhach ná córas monatóireachta gníomhach don oibreoir nuair a dhéantar an meaisín a chúpláil go mícheart leis an síneadh. Dá réir sin, ní chomhlíonann caighdeán EN 474-1:2006+A6:2019 na buncheanglais sláinte agus sábháilteachta agus na ceanglais sábháilteachta maidir le comhtháthú na sábháilteachta agus maidir le cosc ar rioscaí ó ábhair a thiteann, a leagtar amach i bpointí 1.1.2 (b), 1.1.2 (c) agus 1.3.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE. Ba cheart tagairt a dhéanamh do na pointí sin sa srian ar chaighdeán comhchuibhithe EN 474-1:2006+A6:2019.

(12) Ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart na heasnaimh shainaitheanta a chur in iúl trí bhíthin dhá shrian ar leith maidir le caighdeán comhchuibhithe EN 474-1:2006+A6:2019.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 ón gCoimisiún an 18 Márta 2019 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le hinnealra arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 75, 19.3.2019, lch. 108).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1813 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2021 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le trealamh tacaíochta ar an talamh le haghaidh aerárthaí, craenacha, uirlisí mianadóireachta, agus innealra eile, caighdeáin a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2015/27 ón gCoimisiún (IO L 366, 15.10.2021, lch. 109).

(13) Foilsíodh an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN 60335-1:2012 den chéad uair i dTeachtaireacht 2012/C 159/1 ón gCoimisiún ([7]). Áiríodh sa tagairt don chaighdeán sin tagairt do cheartúchán EN 60335-1:2012/AC:2014 ó foilsíodh an caighdeán sin le Teachtaireacht 2016/C 14/1 ón gCoimisiún ([8]). Foilsíodh an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN 60335-1:2012 i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 amháin le tagairt do leasuithe EN 60335-1:2012/A11:2014 agus EN 60335-1:2012/A13:2017. Mar gheall ar earráid, fágadh an tagairt do cheartúchán EN 60335-1:2012/AC:2014 ar lár nuair a foilsíodh an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN 60335-1:2012 i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436. Is iomchuí, dá bhrí sin, an tagairt don chaighdeáin chomhchuibhithe EN 60335-1:2012 a chur in ionad na tagartha do leasuithe EN 60335-1:2012/A11:2014 agus EN 60335-1:2012/A13:2017 agus tagairt an cheartúcháin EN 60335-1:2012/AC:2014 a chuimsiú. Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN 60335-1:2012 arna leasú leis an gCinneadh seo.

(14) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436, tugtar na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe faoina dtoimhdítear go bhfuil comhréireacht ann le Treoir 2006/42/CE, agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gcinneadh sin tugtar na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe faoina dtoimhdítear maille le srian go bhfuil comhréireacht ann. Na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2006/42/CE, chun a chinntiú gur in aon ghníomh amháin liostaítear iad, na tagairtí do na caighdeáin a dhéanann CEN agus Cenelec a athbhreithniú nó a leasú, nó a gcuireann CEN agus Cenelec caighdeáin eile ina n-áit, ba cheart na tagairtí sin a chuimsiú i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436.

(15) In Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436, liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2006/42/CE agus atá tarraingthe siar ó shraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ó bhí na dátaí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin ann.

(16) An obair a rinne CEN agus Cenelec ar bhonn na hIarrata, is é an toradh atá uirthi go ndearnadh na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas, caighdeáin a foilsíodh i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh,* go ndearnadh iad a athbhreithniú nó a leasú, nó gur cuireadh caighdeáin eile ina n-áit: EN 12312-5:2005+A1:2009; EN 13001-2:2014; EN 1501-1:2011+A1:2015; EN 1501-2:2005+A1:2009; EN 1501-3:2008; EN 1501-5:2011; EN 1829-1:2010; EN ISO 22868:2011; EN 303-5:2012; EN ISO 11202:2010; EN ISO 19085-1:2017; EN 1756-1:2001+A1:2008; agus EN 62061:2005/A2:2015. Dá bhrí sin, is gá na tagairtí do na caighdeáin sin a tharraingt siar ó *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* trí na tagairtí sin a chuimsiú in Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436.

(17) Is gá freisin na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 13001-3-6:2018, EN 50636-2-107:2015/A2:2020 a tharraingt siar. agus EN 60335-1:2012/A13:2017 a foilsíodh le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436, ós rud é gur leasaíodh an caighdeán sin. Is iomchuí, dá bhrí sin, na tagairtí sin a scriosadh as Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

(18) Ionas go mbeidh a ndóthain ama ag monaróirí ullmhú le haghaidh chur i bhfeidhm na gcaighdeán nua, na gcaighdeán athbhreithnithe nó na gcaighdeán leasaithe, is gá tarraingt siar na dtagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas a chur ar athló: EN 12312-5:2005+A1:2009; EN 13001-2:2014; EN 1501-1:2011 +A1:2015; EN 1501-2:2005+A1:2009; EN 1501-3:2008; EN 1501-5:2011; EN 1829-1:2010; EN ISO 22868:2011; EN 303-5:2012; EN ISO 11202:2010; EN ISO 19085-1:2017; EN 1756-1:2001+A1:2008; EN 62061:2005/A2:2015; EN 13001-3-6:2018, EN 50636-2-107:2015/A2:2020; agus EN 60335-1:2012/A13:2017.

(19) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 a leasú dá réir.

(20) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh,* is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na buncheanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

([7]) Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Threoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (Foilsiú theidil na gcaighdeán comhchuibhithe agus foilsiú na dtagairtí do na caighdeáin sin faoin treoir) (IO C 159, 5.6.2012, lch. 1).

([8]) Teachtaireacht ón gCoimisiún faoi chuimsiú chur chun feidhme Threoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (Foilsiú theidil na gcaighdeán comhchuibhithe agus foilsiú na dtagairtí do na caighdeáin sin faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais) (IO C 14, 15.1.2016, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"An tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN 474-1:2006+A5:2018 i ndáil le hinnealra crécharta a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2006/42/CE, a liostaítear in Iarscríbhinn IIA a ghabhann leis an gCinneadh seo, déantar leis seo í a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus srian ag gabháil léi. Measfar gur foilsíodh an tagairt sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le haghaidh na tréimhse a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.";

(2) leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(3) leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(4) cuirtear isteach Iarscríbhinn IIA, a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(5) leasaítear Iarscríbhinn III i gcomhréir le hIarscríbhinn IV a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag pointe (1), pointe (4) agus pointe (6) d'Iarscríbhinn I ón 11 Deireadh Fómhair 2023.

Beidh feidhm ag pointe (3) d'Iarscríbhinn I ón 19 Márta 2019.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Aibreán 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(1) scriostar ró 12;

(2) cuirtear an ró 12a seo a leanas isteach:

"12a.	EN 13001-3-6:2018+A1:2021 Craenacha — Dearadh ginearálta — Cuid 3-6: Riochtaí teorann agus fianaise ar inniúlacht maidir le hinnealra — Sorcóirí hiodrálacha	C";

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 33:

"33.	EN 60335-1:2012 Fearais tí agus fearais leictreacha dá samhail — Sábháilteacht — Cuid 1: Ceanglais ghinearálta IEC 60335-1:2010 (Modhnaithe) EN 60335-1:2012/AC:2014 EN 60335-1:2012/A11:2014 EN 60335-1:2012/A13:2017	C";

(4) scriostar ró 33;

(5) cuirtear an ró 33a seo a leanas isteach:

"33a.	EN 60335-1:2012 Fearais tí agus fearais leictreacha dá samhail — Sábháilteacht — Cuid 1: Ceanglais ghinearálta IEC 60335-1:2010 (Modhnaithe) EN 60335-1:2012/AC:2014 EN 60335-1:2012/A11:2014 EN 60335-1:2012/A13:2017 EN 60335-1:2012/A15:2021	C";

(6) scriostar ró 90;

(7) cuirtear an ró 90a seo a leanas isteach:

"90a.	EN 50636-2-107:2015 Sábháilteacht fearas tí agus fearas dá samhail — Cuid 2-107: Ceanglais shainiúla maidir le lomairí léana leictreacha róbatacha faoi chumhacht ceallra IEC 60335-2-107:2012 (Mionathraithe) EN 50636-2-107:2015/A1:2018 EN 50636-2-107:2015/A2:2020 EN 50636-2-107:2015/A3:2021	C";

(8) cuirtear na rónna seo a leanas isteach:

"119.	EN ISO 11202:2010 Fuaimíocht — Torann arna astú ag innealra agus ag trealamh — Leibhéil brú fuaime astaíochtaí a chinneadh ag stáisiún oibre agus ag suíomhanna sonraithe eile agus neas-cheartúcháin timpeallachta á gcur i bhfeidhm (ISO 11202:2010) EN ISO 11202:2010/A1:2021	B
120.	EN 303-5:2021 Coirí téimh — Cuid 5: Coirí téimh le haghaidh breoslaí soladacha, coirí a stócáiltear de láimh agus go huathoibríoch, darb aschur teasa ainmniúil suas le 500 kW — Téarmaíocht, ceanglais, tástáil agus marcáil	C

121.	EN 1501-1:2021 Feithiclí bailithe dramhaíola — Ceanglais ghinearálta agus ceanglais sábháilteachta — Cuid 1: Feithiclí bailithe dramhaíola cúl-lódáilte	C
122.	EN 1501-2:2021 Feithiclí bailithe dramhaíola — Ceanglais ghinearálta agus ceanglais sábháilteachta — Cuid 2: Feithiclí bailithe dramhaíola taobh-lódáilte	C
123.	EN 1501-3:2021 Feithiclí bailithe dramhaíola — Ceanglais ghinearálta agus ceanglais sábháilteachta — Cuid 3: Feithiclí bailithe dramhaíola tús-lódáilte	C
124.	EN 1501-5:2021 Feithiclí bailithe dramhaíola — Ceanglais ghinearálta agus ceanglais sábháilteachta — Cuid 5: Gairis ardúcháin le haghaidh feithiclí bailithe dramhaíola	C
125.	EN 1756-1:2021 Ardaitheoirí cúil — Ardaitheoirí ardáin lena bhfeistiú ar fheithiclí rothacha — Ceanglais sábháilteachta — Cuid 1: Ardaitheoirí cúil le haghaidh earraí	C
126.	EN 1829-1:2021 Meaisíní scairde uisce ardbhrú — Ceanglais sábháilteachta — Cuid 1: Meaisíní	C
127.	EN 12312-5:2021 Trealamh tacaíochta ar an talamh le haghaidh aerárthaí — Ceanglais shainiúla — Cuid 5: Trealamh um breoslú aerárthaigh	C
128.	EN 12385-5:2021 Rópaí sreinge cruach — Sábháilteacht — Cuid 5: Rópaí dualacha le haghaidh ardaitheoirí	C
129.	EN 12609:2021 Measctháirí trucaile — Ceanglais sábháilteachta	C
130.	EN 13001-2:2021 Sábháilteacht craenacha — Dearadh ginearálta — Cuid 2: Gníomhaíochtaí ualaí	C
131.	EN 13852-3:2021 Craenacha — Craenacha amach ón gcósta — Cuid 3: Craenacha éadroma amach ón gcósta	C
132.	EN ISO 19085-1:2021 Meaisíní adhmadóireachta — Sábháilteacht — Cuid 1: Ceanglais chomhchoiteanna (ISO 19085-1:2021)	C
133.	EN ISO 22868:2021 Innealra foraoiseachta agus garraíodóireachta — Cód tástála torainn le haghaidh meaisíní iniompartha láimhe ina bhfuil inneall dócháin inmheánaigh — Modh innealtóireachta (Cruinneas ghrád 2) (ISO 22868:2021)	C
134.	EN IEC 62061:2021 Sábháilteacht innealra — Sábháilteacht fheidhmiúil córas rialúcháin a bhaineann le sábháilteacht IEC 62061:2021	B”.

IARSCRÍBHINN II

In Iarscríbhinn II, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 1:

"1.	EN 474-1:2006+A6:2019 Innealra crécharta — Sábháilteacht — Cuid 1: Ceanglais ghinearálta **Fógra 1**: Ní bhaineann an foilseachán seo le clásal 5.8.1 den chaighdeán seo, clásal dar teideal Infheictheacht — réimse radhairc an oibreora, ach amháin i gcás EN 474-5:2006+A3:2013 ceanglais maidir le tochaltóirí hiodrálacha, agus ní rud é a chur i bhfeidhm sin a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le bun-cheanglais sláinte agus sábháilteachta 1.2.2 agus 3.2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE. **Fógra 2**: A mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn B.2 — Cúplóirí tapa, caighdeán comhchuibhithe EN 474-1:2006+A6:2019, ní caighdeán é a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréireacht ann le buncheanglais sláinte agus sábháilteachta 1.1.2 b), 1.1.2 c) agus 1.3.3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE nuair a chuirtear na ceanglais sin i bhfeidhm i gcomhar le EN 474-4:2006+A2:2012 ceanglais maidir le lódairí cúlghrafóige agus EN 474-5:2006+A3:2013 ceanglais maidir le tochaltóirí hiodrálacha.	C".

IARSCRÍBHINN III

"IARSCRÍBHINN IIA

Uimh.	**An tagairt don chaighdeán**	Cineál	**Bailí ón**	**Go dtí an**
1.	EN 474-1:2006+A5:2018 Innealra crécharta — Sábháilteacht — Cuid 1: Ceanglais ghinearálta **Fógra**: Ní bhaineann an foilseachán seo le clásal 5.8.1 den chaighdeán seo, clásal dar teideal Infheictheacht — réimse radhairc an oibreora, ach amháin i gcás EN 474-5:2006+A3:2013 ceanglais maidir le tochaltóirí hiodrálacha, agus ní rud é a chur i bhfeidhm sin a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le bun-cheanglais sláinte agus sábháilteachta 1.2.2 agus 3.2.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE.	C	15 Deireadh Fómhair 2021	11 Deireadh Fómhair 2022"

IARSCRÍBHINN IV

In Iarscríbhinn III, cuirtear na rónna seo a leanas isteach:

“114.	EN 12312-5:2005+A1:2009 Trealamh tacaíochta ar an talamh le haghaidh aerárthaí — Ceanglais shainiúla — Cuid 5: Trealamh um breoslú aerárthaigh	11 Deireadh Fómhair 2023	C
115.	EN 13001-2:2014 Sábháilteacht craenacha — Dearadh ginearálta — Cuid 2: Gníomhaíochtaí ualaí	11 Deireadh Fómhair 2023	C
116.	EN 1501-1:2011+A1:2015 Feithiclí bailithe dramhaíola — Ceanglais ghinearálta agus ceanglais sábháilteachta — Cuid 1: Feithiclí bailithe dramhaíola cúl-lódáilte	11 Deireadh Fómhair 2023	C
117.	EN 1501-2:2005+A1:2009 Feithiclí bailithe dramhaíola agus gairis ardúcháin bhainteacha — Ceanglais ghinearálta agus ceanglais sábháilteachta — Cuid 2: Feithiclí bailithe dramhaíola taobh-lódáilte	11 Deireadh Fómhair 2023	C
118.	EN 1501-3:2008 Feithiclí bailithe dramhaíola agus gairis ardúcháin bhainteacha — Ceanglais ghinearálta agus ceanglais sábháilteachta — Cuid 3: Feithiclí bailithe dramhaíola tús-lódáilte	11 Deireadh Fómhair 2023	C
119.	EN 1501-5:2011 Feithiclí bailithe dramhaíola — Ceanglais ghinearálta agus ceanglais sábháilteachta — Cuid 5: Gairis ardúcháin le haghaidh feithiclí bailithe dramhaíola	11 Deireadh Fómhair 2023	C
120.	EN 1756-1:2001+A1:2008 Ardaitheoirí cúil — Ardaitheoirí ardáin lena bhfeistiú ar fheithiclí rothacha — Ceanglais sábháilteachta — Cuid 1: Ardaitheoirí cúil le haghaidh earraí	11 Deireadh Fómhair 2023	C
121.	EN 1829-1:2010 Meaisíní scairde uisce ardbhrú — Ceanglais sábháilteachta — Cuid 1: Meaisíní	11 Deireadh Fómhair 2023	C
122.	EN 303-5:2012 Coirí téimh — Cuid 5: Coirí téimh le haghaidh breoslaí soladacha, coirí a stócáiltear de láimh agus go huathoibríoch, darb aschur teasa ainmniúil suas le 500 kW — Téarmaíocht, ceanglais, tástáil agus marcáil	11 Deireadh Fómhair 2023	C
123.	EN 62061:2005 Sábháilteacht innealra — Sábháilteacht fheidhmiúil córas rialúcháin leictreach, leictreonach agus in-ríomhchláraithe a bhaineann leis an tsábháilteacht IEC 62061:2005 EN 62061:2005/AC:2010 EN 62061:2005+A1:2013 EN 62061:2005/A2:2015	11 Deireadh Fómhair 2023	B
124.	EN ISO 11202:2010 Fuaimíocht — Torann arna astú ag innealra agus ag trealamh — Leibhéil brú fuaime astaíochtaí a chinneadh ag stáisiún oibre agus ag suíomhanna sonraithe eile agus neas-cheartúcháin timpeallachta á gcur i bhfeidhm (ISO 11202:2010)	11 Deireadh Fómhair 2023	B

125.	EN ISO 19085-1:2017 Meaisíní adhmadóireachta — Sábháilteacht — Cuid 1: Ceanglais chomhchoiteanna (ISO 19085-1:2017)	11 Deireadh Fómhair 2023	C
126.	EN ISO 22868:2011 Innealra foraoiseachta agus garraíodóireachta — Cód tástála torainn le haghaidh meaisíní iniompartha láimhe ina bhfuil inneall dócháin inmheánaigh — Modh innealtóireachta (Cruinneas ghrád 2) (ISO 22868:2011)	11 Deireadh Fómhair 2023	C”.